Tadhg O'Donoghue

Athbhreithniú an Chathaoirligh

Le linn 2004 chuir BSL lena chumas ó thaobh seirbhís níos fearr a sheachadadh chuig a chuid custaiméirí ar fad.

De réir fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) tiolacann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 i láthair.

Feidhmíocht agus Táirgiúlacht

Le linn 2004 chuir BSL lena chumas ó thaobh seirbhís níos fearr a sheachadadh chuig a chuid custaiméirí ar fad.

Maidir leis an nginiúint, thosaigh Cumhacht Loch Rí, ceann de dhá stáisiún nua dhóite móna ag oibriú ar bhonn tráchtála agus tosóidh an dara stáisiún, Uíbh Fhailí Thiar, go luath. Tá mórfheabhsú timpeallachta ag dul chun cinn de réir mar a beartaíodh ag an stáisiún is mó atá againn – Moneypoint i gContae an Chláir (€368m). Tá socruithe maidir le sárchleachtas déanta leis an bhfoireann sna trí stáisiún. Leanadh i rith na bliana 2004 ag cinntiú a laghad agus ab fhéidir de ghearradh neamhphleanáilte ar na hacmhainní giniúna – roinnt acu sean go maith – d'fhonn soláthar seasta a chinntiú. Tá BSL ina tháirgeoir níos éifeachtaí de bharr na hinfheistíochta seo ar fad agus buntáiste as sin ag na custaiméirí.

Maidir le taobh an tarchuir agus an dáilte den ghnó, tá Gréasáin BSL i mbun bainistíochta ar chlár infheistíochta cúig bhliana de luach €3 billliún. Bhain caiteachas de €700 milliún leis an mbliain 2004. Tá an t-airgead seo á chaitheamh ag ceangal custaiméirí nua (90,600 sa bhliain 2004, an líon ba mhó riamh) leis an gcóras, ag déanamh athnuachan ar an ngréasán meánvoltais agus ar fheabhsúchán ar chórais an tarchuir agus an dáilte chun déileáil leis an timpeallacht eacnamaíoch in Éirinn atá ag athrú chomh mór sin. Mar a tharla nuair a cuireadh leictreachas ar fáil ar fud na tíre tráth, tá BSL ag rith ceann de na tionscnaimh infrastruchtúir is mó i stair na tíre arís.

Le linn 2004 dhéileáil Soláthar do Chustaiméirí le 11.3 milliún bille chuig custaiméirí agus láimhseáil an tIonad Náisiúnta Teagmhála le Custaiméirí trí mhilliún fiosrúchán. Tá Ionad Seirbhíse faoi leith ar fáil anois do chustaiméirí tráchtála.

Iomaíocht

Bhí BSL réidh go maith do lánoscailt an mhargaidh don iomaíocht an 19 Feabhra 2005. Beidh gá le hinfrastruchtúr láidir TE nua chun freastal ar an margadh oscailte ina mbeidh saorchead ag gach custaiméir a rogha soláthróir a thoghadh. Tá sin curtha ar fáil go maith ag BSL.

Ó thaobh na giniúna de tá ár scair den mhargadh tite go 65% agus is dóigh go dtitfidh chomh fada le 60% faoi dheireadh 2005.

Tá tuilleadh taca tugtha againn don chomórtas sin trí chomhaontuithe cheannach cumhachta a dhéanamh le táirgeoirí neamhspleácha a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach romhainn.

Infheistíocht Straitéiseach

Is é an buntáiste a thagann le míbhuntáiste an athraithe maidir le hiomaíocht in Éirinn, gur féidir leas a bhaint as deiseanna taobh amuigh den mhargadh lárnach traidisiúnta agus dá bharr sin, tá infheistíocht mhór déanta i dTuaisceart Éireann agus sa Spáinn agus táthar ag tabhairt faoi dheiseanna gnó a fhorbairt i dtíortha eile san AE. Tá siad sin fíorthábhachtach ó thaobh cuidiú linn BSL láidir a choinneáil sna blianta amach romhainn.

Feidhmíocht 2004

Brabúsacht

D'ardaigh brabús an ghrúpa tar éis chánachais le €18 milliún go dtí €267 milliún. Bhí roinnt cúiseanna leis an ardú sin, ina measc, ardú ar an ioncam ón leictreachas arna thabhairt isteach ag costas níos airde ar bhreosla thráchtearraí, rátaí níos airde agus costais phárolla níos airde, chomh maith le glantáillí úis a bhí níos airde go maith mar gheall ar ardú ar iasachtaí. Níor íocaíodh aon díbhinn eatramhach i mbliana. Tá an Bord ag moladh go n-íoctar díbhinn chríochnaitheach maidir leis an mbliain de 3.91 cent in aghaidh aonaid stoic, suim is ionann agus €77.4m ina iomláine, ardú de 0.52 cent in aghaidh aonaid stoic nó €10.3m ina iomláine ar na díbhinní iomlána i leith na bliana 2003.

An Bord agus na Geallsealbhóirí

D'éirigh Bernard Byrne as oifig mar Chomhalta den Bhord i rith na bliana nuair a ghlac se le post mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa i BSL. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Bernard as a ndearna sé mar chomhalta neamhfheidhmeannach de chuid an Bhoird. Ceapadh Brendan Byrne ar an mBord agus ba mhaith liom fáilte a chur roimhe.

Bhásaigh ár gcomhalta Boird gnaíúil, Anne Taylor, in Aibreán 2005. Ceapadh Anne ar an mBord in 1997 agus athcheapadh í i 2002. Thug sí scoth na seirbhíse mar Chomhalta Boird agus ar Choistí tábhachtacha de chuid an Bhoird.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus le hoifigigh na Roinne, maidir lena gcuidiú leanúnach i rith na bliana. Ba mhaith liom a gcuid oibre a threaslú chomh maith le Comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2004. Déanaim comhghairdeas leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann. Tá cuid mhór bainte amach acu i rith na bliana, nuair a baineadh amach go hiomlán spriocanna dúshlánacha.

Tadhg O'Donoghue
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2005

Is é an buntáiste a thagann le míbhuntáiste an athraithe maidir le hiomaíocht in Éirinn, gur féidir leas a bhaint as deiseanna taobh amuigh den mhargadh lárnach traidisiúnta